

Eochairchéim 2 Blianta 6 & 7

# Riachtanais agus Teastálacha



## fócas

Forbraíonn Riachtanais agus Teastálacha tuiscint do róil aonair sa tsochaí ina mairimid. Cuirtear deiseanna ar fáil do pháistí le dearcadh orthu féin agus lena mbeatha a chur i gcomparáid le beatha daoine eile sa domhan is leithne.

### Na hEalaíona

- mothúcháin agus cuimhní
- dáimh le ceol
- roghanna ceoil
- fógraí sna meáin
- tableau agus lorg an smaointeachais
- seó cainte agus seó tallainne

### Forbairt Phearsanta agus Comthuiscint

- sa bhaile
- rialacha ar scoil
- saoránacht
- daonlathas
- Coinbhinsiún na NA ar Chearta an Phaiste

### An Domhan Thart Orainn

- idirspiléachas
- áit
- am chun athraithe

### Corpoideachas

- roghanna bia
- mo ról agus mé ag obair le daoine eile
- tábhacht rialacha sa CO



# Clár

Sa leabhrán seo 'Riachtanais agus Teastálacha' tá an méid seo a leanas:

## Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Molta Foghlama do:

• Na hEalaíona	3
• Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint	7
• An Domhan Thart Orainn	13
• Corpoideachas	19

## Cur le Forbairt Scileanna

• Cumarsáid	23
• Úsáid na Matamaitice	23
• Úsáid TFC	23
• Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta	24

Áiseanna Molta	25
----------------	----

Forbraíodh fosta an dá Aonad Téamacha 'Action Speaks Louder' agus 'Moneywise' chun tacú leis an SFN seo.



## fócas

Forbraíonn Riachtanais agus Teastálacha tuiscint do róil aonair sa tsochaí ina mairimid. Cuirtear deiseanna ar fáil do pháistí le dearcadh orthu féin agus lena mbeatha a chur i gcomparáid le beatha daoine eile sa domhan is leithne.

## Na hEalaíona

- mothúcháin agus cuimhní
- dáimh le ceol
- roghanna ceoil
- fógraí sna meáin
- tableau agus lorg an smaointeachais
- seó cainte agus seó tallainne

## Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

## An Domhan Thart Orainn

## Corpoideachas

# Cad é a imríonn tionchar ar mo roghanna?

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Fios a bheith agat go bhféadann na meáin cuidiú le próiseas na cruthaitheachta a mhúnlú.
- Fios a bheith agat go dtig smaointe a chur in iúl ar dhóigheanna difriúla.
- Cuid de na torthaí a thig le réimse meán a tháirgeadh a thuiscint.

## Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh cuid de na réimsí inar féidir rogha a thabhairt do na páistí. Smaoinigh ar na roghanna a rinne tú féin agus do chomhpháirtithe le seachtain anuas.

Pléigh an bhrí atá le stíl shláintiúil mhaireachtála. Úsáid foinsí traidisiúnta agus digiteacha le taighde a dhéanamh ar réimse fógraí a bhaineann le sláinte ó chineálacha éagsúla meán.

Taiscéal an dóigh a dtéann na meáin i bhfeidhm ar ár roghanna, sa cheol, mar shampla.

I mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, dear agus cruthaigh póstaer, bileog nó láithriú ilmheán le táirge úr a chur chun cinn, mar shampla, DD, popghrúpa nó oiriúint faisin. Roghnaigh meán fóirsteanach le húsáid i gcruthú na léaráidí, mar shampla, pinn luaidhe, péinteanna nó pastail. Scan na léaráidí nó úsáid pacáiste bogearraí mar Fresco nó Colour Magic, athraigh a méid agus cuimsigh nuair is gá iad sa dearadh. Taispeáin an póstaer, an bhileog nó an láithriú don chuid eile den rang agus meas luach a éifeachtachta. Taispeáin, cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht na píosaí éagsúla oibre agus pléigh cad iad na dearthaí ab éifeachtaí agus cad chuige. Cuir an teachtaireacht ar aghaidh chuig lucht éisteachta is leithne, mar shampla, úsáid Spider nó Publisher lena foilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile.

# Ba Mhaith Liom Bheith I Mo Mhilliúnaí

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith in ann tuairimí, smaointe agus idéanna pearsanta a chur in iúl.
- Bheith eolach ar an dóigh le lorg smaointeachais a úsáid le hidéanna a thaiscéaladh.
- An tábhacht atá le ceistiú oiriúnach i gcásanna agallaimh a thuiscint.

## Gníomhaíochtaí Molta

Mar rang, forbair ráitis riachtanas agus teastálacha mar ocras, craos, meas, éad, rúndacht srl. Smaoinigh ar ‘Cad a dhéanfainn dá mbeadh milliún punt agam?’. Roinn na smaointe i mbeirteanna agus leis an rang, agus cuir i láthair óráidí gairide ag tosú ‘Dá mbainfinn milliún punt bheadh...’. Pléigh na taobhanna diúltacha ar bheith i do mhilliúnaí.

Déan liosta de mhilliúnaithe clúiteacha – ó shaol an spóirt, na scannán, an cheoil, faisin, gnó, cúrsaí reatha srl. Ag obair i mbeirteanna, roghnaigh iomráiteach éigin agus caithfidh do pháirtí a thomhas cé thú féin trí cheisteanna a chur nach bhfuil orthu ach freagraí tá/níl, is ea/ní hea, srl, mar shampla, “An bhfuil tú fireann?”, “An popamhránaí thú?”. Caithfidh siad tomhas a dhéanamh i ndiaidh deich gceist.

Ag obair i mbeirteanna, socraigh ar phearsantacht atá le hagallamh ar sheó cainte. Glacann duine amháin páirt na pearsantachta agus forbraíonn stíl oiriúnach ghutha, ghothaí srl. Glacann duine eile páirt óstach an tseó cainte, ag úsáid a n-ainm féin nó ainm samhlaíoch. Mar rang pléigí an dóigh le ceisteanna oiriúnacha oscailte a ullmhú a chuirfidh an phearsantacht a labhairt orthu féin. In áit ‘Ar thaitin do scannán deireanach leat?’ thiocthadh ‘Inis dom faoi do scannán deireanach?’ a fhiafraí.

Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha le heolas a fháil ar na pearsantachtaí. Tig leat script a úsáid i gcéadchéimeanna an chleachtaidh. Taifead na hagallaimh ag úsáid ceamara digiteach agus athsheinn don rang iad.

Pléigh tascanna ba mhaith leat a dhéanamh agus tú san áit oibre. I ngrúpaí, ceap tableau de phoist éagsúla trí radharc réadúil a léiriú in áit oibre mar phictiúr siochta, mar shampla, ag obair in ospidéal, ar fheirm, i mbanc, faoin fharraige srl. Tig le daoine eile sa rang féachaint leis an chás a thomhas trí iarraidh ar bhaill éagsúla den tableau a gcuid smaointe a rá amach (rian smaointe). Déan taighde ar ghairmeacha i dtionscal na meán, na fóillíochta agus na teicneolaíochta.

Pléigh an t-iomráiteach ar mhaith leat bheith ina áit agus ansin eagraigh seó tallainne ‘Réaltaí i Do Shúile’. Roghnaigh seinm le fuaimrian taca nó le ceol taifeadta. Forbair smaointe cultacha agus smididh trí amharc ar réimse pictiúr den phearsantacht a roghnaigh tú.

# Cad Chuige a dTeastaíonn Ceol sa Bheatha Againn?

## Cuspóirí Molta Foghlama

- An dóigh a dtig le ceol freagra a dhúiseacht a thuiscint.
- Bheith in ann gníomhú le agus freagairt do cheol.

## Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh, éist le agus taiscéal ceol agus amhráin a bhaineann le hócáidí éagsúla.

Mar rang, taiscéal an dóigh a léiríonn ceol braistintí agus mothúcháin, mar shampla, ceol a dhéanann sona, brónach, eaglach nó uaigneach thú agus an dóigh a dtig le ceol mothúcháin a athrú.

Pléigh roghanna ceoil sa rang, mar shampla, bailiúcháin DD, seinnliostaí ar Sheinnteoirí MP3 nó ceolchoirmeacha beo a freastalaíodh. Cruthaigh, úsáid agus measúnaigh bileog bhailithe sonraí agus déan suirbhé ar roghanna ceoil i measc do chomhpháirtithe. Taifead, comhordaigh agus cuir i láthair na torthaí ag úsáid pacáiste bogearraí mar Number Magic nó Numberbox 2.

Éist leis na chéad trí amhrán ón suirbhé agus pléigh an chúis a mbeadh dúil ag daoine iontu.

Taiscéal obair i dtionscal an cheoil, mar shampla, seinnteoir, innealtóir taifeadta nó ceirneoir.

Pleanáil agus eagraigh seó tallainne ceoil. Smaoinigh ar charthanas a dtiocfadh tacú leis le linn an fhiontair seo.



## fócas

Forbraíonn Riachtanais agus Teastálacha tuiscint do róil aonair sa tsochaí ina mairimid. Cuirtear deiseanna ar fáil do pháistí le dearcadh orthu féin agus lena mbeatha a chur i gcomparáid le beatha daoine eile sa domhan is leithne.

## Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- róil agus freagrachtaí sa bhaile
- rialacha ar scoil
- saoránacht
- daonlathas
- Coinbhinsiún na NA ar Chearta an Pháiste

### Na hEalaíona

### An Domhan Thart Orainn

### Corpoideachas

## Róil agus Rialacha

### Cuspóirí Molta Foghlama

- A aithint go mbíonn ról agus áit ag gach ball teaghlaigh sa teaghlach.
- A aithint go bhféadfadh méadú a theacht ar dheiseanna le rogha a chleachtadh de réir mar a ghlactar le freagrachtaí agus a ghnóthaítear iontaoibh daoine eile.

### Gníomhaíochtaí Molta

Léigh ó rogha d'úrscéalta leis na róil agus freagrachtaí a bhíonn ag daoine sa bhaile a scrúdú.

Pléigh na dualgais i ngnáthlá a bhíonn ar dhaoine a chónaíonn sa bhaile. Déan amchlár aonair ag úsáid an chlog 24 uair agus scríobh isteach aon dualgas sa bhreis a dhéantar ar bhonn seachtainiúil.

Smaoinigh air seo a leanas. An mbíonn na róil ag gach máthair agus athair? An mbíonn na róil ag gach duine sa rang? An mbíonn na róil ag gach gasúr agus girseach? An mbraitheann róil ar aois? Cén dóigh ar athraigh róil le déanaí?

Pléigh cé acu róil a mheastar bheith cothrom nó éagothrom. Tabhair fáthanna agus cosain roghanna. Úsáid rólghlacadh agus dráma, oibrigh trí dhálaí a d'fhéadfadh tarlú sa bhaile nuair a iarrtar ar dhuine rud a dhéanamh a shíltear bheith éagothrom. Pléigh an fhreagracht atá ort do dhaoine eile sa bhaile.

Liostaigh riachtanais aonair gach duine sa bhaile agus abair cé a chuidíonn lena sásamh. Díriú ar riachtanais mhothaithe. Pléigh conas a thig easaontais a réiteach agus an fáth a gcaithfimid freagracht a ghlacadh as ár ngníomhartha. Anois breathnaigh ar na dálaí seo ó dhearcadh duine fhásta.



# Mise Ar Scoil

## Cuspóirí Molta Foghlama

- An tábhacht atá le cloí le rialacha na scoile a thuiscint.
- Contúirtí don tsábháilteacht phearsanta a aithint.
- Bheith eolach ar dhóigheanna le fanacht sábháilte.

## Gníomhaíochtaí Molta

Tuar na rudaí a tharlódh mura mbeadh rialacha le leanúint ag scoileanna. Liostaigh na buntáistí agus míbhuntáistí. I ngrúpaí, cruthaigh agus cuir i láthair 'Rialacha Óir' don seomra ranga agus cuir do chuid roghanna in iúl do dhaoine eile. Socraigh ar fhoireann rialacha dearfacha ranga. Dréachtaigh, sínigh agus déan comhaontú infheicthe a gcloífidh gach duine leis. Taiscéal smaointe ar cad ba chóir tarlú má choinnítear na rialacha nó má bhrítear iad. Eagraigh grádú duaiseanna. Socraigh ar cad é mar is cóir é seo a thaifeadh agus cruthaigh taispeántas sa seomra ranga a dhéanann seicheamh ar an phróiseas seo agus a aibhsíonn an toradh. Labhair ar chás ina mbrisfí na rialacha agus ar an dóigh a dtiocfadh leis seo cur isteach ar chearta daoine eile, mar shampla, bulaíocht.

In am ciorcail, machnaigh ar chás a pléadh cheana, mar shampla, "Nuair a ghlaonn daoine ainmneacha orm mothaím..." Léirigh dáimh le páistí eile sa seomra ranga agus smaoinigh ar cad é mar is cóir caitheamh leo. Pléigh a thábhachtaí atá cion gach duine don seomra ranga.

## Mise Sa Phobal

### Cuspóirí Molta Foghlama

- Cearta agus freagrachtaí bhaill an phobail a aithint.
- Bheith feasach ar bheatha agus chultúr daoine i dtíortha eile.

### Gníomhaíochtaí Molta

Cuir an cheist ‘Cén rud é saoránach?’ agus taifead na freagraí.

I ngrúpaí, pléann páistí cásanna éagsúla, mar shampla:

- Ní miste airgead a ghoid ó mo chairde mar faigheann siad níos mó airgead póca ná a fhaighimse.
- Níl i scríobh ar na ballaí ach greann agus i bhfírinne ní dhéanann sé dochar do dhuine ar bith eile.
- Ní miste bruscar a chaitheamh síos mar tá duine éigin á íoc lena ghlanadh.

Coinnigh díospóireacht ranga, le taobh amháin ag áitiú ar son dlíthe sa tsochaí agus taobh amháin ag áitiú in éadan dlíthe. Cad chuige a dteastaíonn dlíthe ón tsochaí?

Labhair ar smachtbhannaí. Smaoinigh ar smachtbhannaí a d’fhulaing tú féin tar éis mí-iompair. An raibh an smachtbhanna cothrom nó éagothrom? Pléigh an tábhacht atá le déanamh na roghanna agus na gcinntí cearta ag cuimhneamh ar na torthaí a d’fhéadfadh bheith ar ghníomhartha áirithe.

Iarr ar ionadaí ó SPTÉ ceachtanna a dhéanamh ar choiriúlacht ó chlár Oideachas Saoránachta agus Sábháilteachta (OSS), ag díriú ar iompar mífhóirsteanach agus na smachtbhannaí a thig a leagan.

In am ciorcail, pléigh an dóigh a mothaíonn sé bheith faoi bharrastóireacht agus faoina mhothú nach bhfuil cead cainte agat sa chinnteoireacht. B’fhéidir go dtarlódh sé seo sa bhaile, le comhpháirtithe, i ngrúpaí óige srl.

# Mise Sa Domhan

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith in ann tuairimí, smaointe agus idéanna pearsanta a chur in iúl.
- Fios a bheith agat go dtig le dearcaí, tuairimí agus freagairtí daoine eile dul i bhfeidhm ar chinntí agus ghníomhartha pearsanta.

## Gníomhaíochtaí Molta

Smaoinigh ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Pháiste agus pléigh gach ceart aonair. I ngrúpaí, cuir na cearta in ord tosaíochta agus cosain do roghanna os coinne an ranga. Aithin na fáthanna arbh fhéidir nach mbeadh na cearta seo ag páistí in áiteanna eile sa domhan.

Roghnaigh tír ina gceiltar a gcearta ar pháistí mar gheall ar dhálaí éagsúla, mar shampla, gorta, coimhlint, bochtaineacht. I ngrúpaí, tiomsaigh liosta ceisteanna le heolas a chruinniú ar an tír sin, mar shampla, “Cén cineál bia a itear?”, “Cén cineál éadaí a chaitheann daoine?”, “Cén dóigh a mbíonn an aeráid?”, “Cad iad na reiligiúin atá sa tír?”, “Cén dóigh a gceiliúran muintir na tíre ócáidí tábhachtacha?”, “Cad é atá i ndán don tír sin?”. I ngrúpaí, tugann na páistí faoi thaighde a dhéanamh ag úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha leis na ceisteanna a fhreagairt. Cuir do thuairisc i láthair an ranga ag úsáid bogearraí láithrithe mar PowerPoint nó Slideshow.

Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha mar Save the Children’s Partners in Rights Pack nó Interlinks le ceisteanna a fhiosrú agus a phlé mar, cad é mar a chaitear le páistí agus cad é chomh fada is a cheiltar cearta. Úsáid pacáiste bogearraí mar Word, Paw Prints, PowerPoint nó Slideshow le hiontráil dialainne a chruthú do pháiste ó Bhliain 4 ón tír atá faoi staidéar. Cuir i gcomparáid le lá i do shaol féin é. Tabhair cuairt ar rang Bhliain 4 agus léigh a gcuid scéalta do na páistí.

Breathnaigh cás-staidéir eile agus faigh amach cén dóigh a gcuirtear isteach ar chearta i dtíortha éagsúla.

Faigh amach cad é atá eagraíochtaí éagsúla a dhéanamh chun cuidiú le coinníollacha a fheabhsú do pháistí ar fud an domhain. I mbeirteanna, scríobh chuig eagraíochtaí éagsúla ag iarraidh tuilleadh eolais. Mar rang socraigh ar bhearta a thiocthadh leis an rialtas againne a dhéanamh chun cuidiú le páistí atá ag fulaingt i dtíortha eile. Scríobh litir nó cuir ríomhphost chuig duine ag a bhfuil tionchar le feasacht a ardú ar shaol na bpáistí faoi staidéar.

Eagraigh taispeántas ar chearta páistí don chuid eile den scoil agus tabhair cuireadh do chainteoir ó eagraíocht charthanachta a bhaineann le cearta daonna, mar shampla, Sábháil na Páistí nó CNCCP, chun labhairt leis an tionól.



## fócas

Forbraíonn Riachtanais agus Teastálacha tuiscint do ról aonair sa tsochaí ina mairimid. Cuirtear deiseanna ar fáil do pháistí le dearcadh orthu féin agus lena mbeatha a chur i gcomparáid le beatha daoine eile sa domhan is leithne.

# An Domhan Thart Orainn

- idirspheáchas
- áit
- am chun athraithe

## Na hEalaíona

## Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

## Corpoideachas

# Airgead, Airgead, Airgead

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Na dálaí a luathaíonn idirspleáchas le himeacht ama a thuiscint.
- Torthaí an athraithe a thuiscint.

## Gníomhaíochtaí Molta

Ag úsáid foinsí traidisiúnta agus digiteacha, aimsigh íomhánna den tsiopadóireacht san am a d'imigh. Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht 'liosta siopadóireachta' ón am sin le ceann de chuid an lae inniu. Tabhair cuairt ar réimse 'Siopa agus Baile' in Iarsmalann Daonchultúir agus Iompair Uladh. Taiscéal an teanga a úsáideadh do na míreanna siopadóireachta.

I ngrúpaí, pléigh gnéithe den tsiopadóireacht san 21ú haois, mar shampla, cártaí creidmheasa agus siopadóireacht idirlín, agus tuar an tsiopadóireacht sa todhchaí.

Úsáid Scarbhileog Siopadóireachta le buiséid siopadóireachta a fhiosrú.

# Marthanas

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith eolach ar na dóigheanna a gcuireann daoine iad féin in oiriúint dá dtimpeallacht.
- An t-idirspheáchas idir daoine agus an timpeallacht a thuiscint.
- An fáth a bhfanann cuid rudaí seasmhach gan athrú nó ar bheagán athraithe a thuiscint.
- Bheith eolach ar chuid d'éifeachtaí an athraithe.

## Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh an téarma 'sealgairí cnuasaitheoir' agus breac a suíomh ar amlíne. Tabhair cuairt ar áiléar Éire sa Luath-Aois in Iarsmalann Uladh le heolas a fháil ar bheatha na sealgairí cnuasaitheoirí agus na gcéadfheirmeoirí. Úsáid foinsí traidisiúnta agus digiteacha le taighde a dhéanamh ar cérbh iad na fiagaithe cnuasaitheoirí agus cad é mar atá a fhios againn go raibh siad ann (eolas seandálaíoch, líníochtaí pluaise agus tochairtí).

Tóg ról seandálaí agus tabhair faoi mhiontochairt\* lena fháil amach cén bia a itheadh san am sin. Pléigh na torthaí agus cruthaigh biachláir laethúla d'fhiagaithe cnuasaitheoirí.

Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht stíl mhaireachtála sealgairí cnuasaitheoirí agus céadfheirmeoirí, mar shampla, a mbailte, uirlisí agus forbairt na mbarr. Mol fáthanna a bhí le forbairt luathmhodhanna feirmeoireachta, .i. an gá le soláthar bia a chinntiú trí shaothrú barr agus thógáil beithíoch. Cruthaigh agus cuir i láthair tuairiscí ar stíleanna maireachtála sealgairí cnuasaitheoirí agus luathfheirmeoirí.

Faigh amach cad é mar a leasaíodh bia san am a d'imigh. Tabhair cuairt ar Dhaonpháirc Uladh-Mheiriceá le heolas a fháil ar leasú bia san aimsir chaite. Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha le taighde a dhéanamh ar dhaoine sa domhan inniu a úsáideann go fóill modhanna fiagaithe cnuasaitheoirí le bia a aimsiú, mar shampla, lonúitigh.

*\* Miontochairt: Líon bosca bróg le gairbhéal, gaineamh agus ithir le seasamh do na leibhéal éagsúla ithreach. Ar chéimeanna difriúla, cuir ann blaoscanna cnónna, cnámha iasc agus cnámha caorach. Lig do na páistí scuaba beaga péinte a úsáid leis na leideanna a thógáil ón ithir.*

## Trádáil

### Cuspóirí Molta Foghlama

- Na dálaí a luathaíonn idirspleáchas le himeacht ama a thuiscint.
- Éifeacht an athraithe le himeacht ama a thuiscint.

### Gníomhaíochtaí Molta

Smaoinigh ar an dóigh ar fhás an luath-thrádáil i measc daoine mar gheall ar fhorbairt na luathfheirmeoireachta. Déan rólghlacadh ar láithreacha babhtála agus malartaithe. Scrúdaigh bailte margaidh. Cé chomh hábhartha is atá siad inniu? Cad é mar a d'fhorbair siad? Cad é atá i ndán dóibh?

Amharc ar liosta de chineálacha éagsúla bia, iarr orthu a shocrú cé acu a tháirgtear sa cheantar agus cé acu nach dtáirgtear.

Fás roinnt biaphlandaí. Fiosraigh éifeachtaí dálaí éagsúla solais, teochta agus ithreach ar fhás na bplandaí. Taifead an fás ina mhilliméadair, ag úsáid bogearraí TFC mar Number Box 2. Smaoinigh ar indéantacht miontogra fiontraíochta.

Iarr ar na páistí a fháil amach cén dóigh a roinntear na brabúis san fheirmeoireacht, mar shampla, cá mhéad den bhrabús a fhaigheann táirgeoir bainne? Cá dtéann an chuid eile?

Smaoinigh ar cad é a chiallaíonn an téarma 'biamhílte' agus rianaigh turas mír bia a tháirgtear go forleathan, mar shampla, banana. Mar rang, scrúdaigh neamhionannas acmhainní ar bhonn domhanda trí imirt an chluiche **Cluiche Cóir-Thrádála\***. Cruthaigh agus cuir ríomhphost chuig an sármhargadh áitiúil lena fháil amach an bhfuil beartas Cóir-Thrádála acu. Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht mír Chóir-Thrádála le mír neamh-Chóir-Thrádála, mar shampla, barra seacláide. Úsáid scarbhileog leis an luach is fearr ar airgead a fhiosrú, ag cur meáchain agus praghais i gcomparáid.

Pleanáil agus ceap feachtas fiontair taobh istigh den scoil, mar shampla, tacú le táirgeadh na háite nó úsáid tae agus caife Cóir-Thrádála sa seomra foirne. Fógair an feachtas seo ar fud na scoile.

## \*Cluiche Cóir-Thrádála

Roinn na páistí ina ngrúpaí. Tabhair ainm tíre do gach grúpa (bíodh tíortha forbartha agus i mbéal forbartha san áireamh). Tabhair méideanna difriúla bunábhar (páipéar) do gach grúpa agus innealra (siosúr, rialóir agus peann luaidhe), mar shampla.

Grúpa	páipéar	pinn luaidhe	siosúr	rialóir	aonaid airgid
A	12	1	0	0	18
B	2	1	1	2	30
C	1	2	3	2	140
D	25	0	0	1	8
E	6	1	1	1	50

Is é an cuspóir atá ag gach grúpa/tír táirge críochnaithe a tháirgeadh. D'fhéadfadh sé seo bheith le hoiread cruthanna a chruthú (ag úsáid tomhas beacht) as teimpléad. Tig na hearraí a bhriseadh ag an bhanc (múinteoir). Tig fosta bunábhair agus innealra a cheannach ag an bhanc ar chostas, mar shampla, páipéar @ 3 aonad agus siosúr @ 120 aonad. Tig le gach tír fosta babhtáil lena chéile ar aon chostas a aontóidh siad. I ndiaidh leathuair an chloig, stad an cluiche agus measúnaigh. Smaoinigh ar an chiall atá leis an téarma 'cóir'.





## fócas

Forbraíonn Riachtanais agus Teastálacha tuiscint do ról aonair sa tsochaí ina mairimid. Cuirtear deiseanna ar fáil do pháistí le dearcadh orthu féin agus lena mbeatha a chur i gcomparáid le beatha daoine eile sa domhan is leithne.

## Corpoideachas

- roghanna bia
- mo ról agus mé ag obair le daoine eile
- tábhacht rialacha i CO

## Na hEalaíona

## Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

## An Domhan Thart Orainn

## Cluiche an Dinnéir

### Cuspóirí Molta Foghlama

- An gaol idir ghníomhaíocht choirp agus dea-shláinte a thuiscint.

### Gníomhaíochtaí Molta

Roimh an cheacht CO, pléigh roghanna an bhia a bhíonn againn gach lá. Cén bia is fearr leat? Pléigh an rud is maith leat a ithe don dinnéar nó don tae.

Tabhair i láthair ‘cluiche an dinnéir’ mar ghníomhaíocht téacháin sa CO.

Nuair a scairteann tú amach ainm bia mínigh, má d’ith siad é an lá sin, go gcaithfidh siad gníomh a dhéanamh, mar shampla:

“Cnaipíní Circe” – bogshodar in áit na mbonn;

“Prátaí” – bocléimneach thart;

“Torthaí” – scipeáil isteach agus amach as na spásanna;

“Glasraí” – preab isteach agus amach as na spásanna;

“Ceapairí” – Seán ag Léimneach;

“Iógart” – léimneach ar an láthair;

Sa rang, pléigh an difear idir an rud a chaithfimid a ithe más mian linn bheith aclaí, folláin agus an rud ba mhaith linn a ithe. Ceangail le gníomhaíochtaí a rinneadh sna hEalaíona.

# Amuigh Faoin Spéir

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Bealaí agus conairí simplí a leanúint.
- An áit a bhfuil siad ar phlean nó ar léaráid a aithint.
- Tábhacht rialacha a thuiscint.

## Gníomhaíochtaí Molta

Teastaíonn rudaí áirithe uainn le fanacht beo. Pléigh cad iad na rudaí seo, dar leat, agus cruthaigh liosta ranga, mar shampla, uisce, bia, teas, solas, dídean. Bailigh na míreanna riachtanacha seo trí bheith ag treoleanúint faoi chlós/thailte na scoile. Oibrigh i ngrúpaí, ag tabhairt cuairt ar gach rialaitheoir in ord, ag breacadh ar do chárta na rudaí a fuair tú, mar shampla A4 – uisce – as sin go A1 – dídean srl. Lena dhéanamh níos deacra, socraigh teorainn ama.

**NB:**

*Sula dté sibh amach, cinntigh go dtuigeann na páistí an dóigh le léarscáil shimplí a threoleanúint. Pléigh tábhacht na rialacha agus aontaigh ar na rialacha don treoleanúint amuigh.*

# Cur le Forbairt Scileanna

Ar fud na réimsí san SFN seo tá deiseanna le heispéiris a sholáthar a chuideodh le forbairt scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

## Cumarsáid

- An obair i gcomhair beaichte a sheiceáil agus a athdhréachtú leis an chiall a fheabhsú.
- Réimse leathan foinsí a úsáid le heolas ábhartha a aimsiú agus a úsáid.
- Príomhghnéithe téacs a aithint.
- Stór focal leathan samhlaíoch agus fóirsteanach a úsáid.
- Tosú a dhéanamh tátal agus a bhaint conclúidí.

## Úsáid na Matamaitice

- Taobh istigh de chomhthéacsanna a bhfuil cuspóir leo sonraí a aithint, a bhailiú agus a thaifeadadh.
- Eolas a fháil ó réimse graf agus léaráidí agus conclúidí a tharraingt.
- Céatadáin shimplí a bhíonn in úsáid gach lá a úsáid.
- Roghanna faoi chaiteachas agus luach ar airgead a dhéanamh.
- Do bhuiséadú agus chaiteachas a thuiscint.
- Tomhas, ag úsáid nodaireacht cheart agus scálaí a léamh le méid cuí beaichte.

## Úsáid TFC

- Taighid, roghnaigh, cuir in eagar agus cuir i láthair eolas/acmhainní ag úsáid réimse foinsí digiteacha.
- Próiseáil áiseanna faighte nó féintáirgthe, san áireamh, téacs, uimhir, fuaim, íomhánna neamhghluaiste nó gluaiste, agus comhcheangail iad lena gcuid oibre a chruthú, a chur i láthair agus a chur in iúl, ag léiriú feasacht ar lucht éisteachta agus chuspóir.
- Cuir in iúl agus forbair smaointe trí théacs a chruthú agus a chur in eagar ar an scáileán, á chomhcheangal seo le híomhánna agus/nó fuaimeanna arna roghnú mar is cuí.
- Úsáid modhanna comhaimseartha digiteacha le heolas a chur in iúl, a chomhroinnt agus a mhalartú le comhpháirtithe.

## Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

**Bainistiú Faisnéise:** Fiafraigh ceisteanna is doimhne agus is leithne leis an tasc a shoiléiriú, agus le spriocanna a shocrú. Ciall de lucht éisteachta agus chuspóir a bheith agat. Forbairt modhanna comhordaithe agus taifeadta eolais agus le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn tasc.

**Smaointeoireacht, Fadhbhréiteach agus Cinnteoireacht:** Aithint patrún agus caidreamh. Míniú agus cosaint modhanna, tuairimí agus conclúidí. Déanamh agus tástáil tuartha, agus ceangal cúiseanna agus iarmhairtí féideartha. Idirdealú idir fforas agus tuairim. Tuiscint ar níos mó ná aon dearcadh amháin. Scrúdú roghanna agus meá rudaí i leith agus in éadan. Tástáil fuascailtí agus cur chuige eile.

**Bheith Cruthaitheach:** Déanamh turgnamh ar dhóigh spraiúil. Tóraíocht fadhbanna agus agóid in éadan an ghnáthmhodha. Aithint deiseanna in earráidí agus i dteipeanna. Tógáil ar do smaointe agus eispéiris féin agus daoine eile, ag úsáid iomlán na gcéadfaí. Déanamh turgnamh le dearthaí, gníomhaíochtaí agus torthaí éagsúla. Léiriú measa ar smaointe daoine eile.

**Ag Obair le Daoine Eile:** Éirí neamhspleách. Aiseolas a thuiscint agus freagairt dó. Glacadh freagrachta as tascanna agus ról i ngrúpaí. Oibriú i dtreo comhréitigh agus tosú a bhainistiú easaontas.

**Féin-Bhainistiú:** Éirí féindírithé trí obair leat féin. Obair i dtreo spriocanna pearsanta. Measúnú an mhéid atá siad a fhoghlaim agus a gcur chuige a chur i gcomparáid lena chéile. An dóigh a bhféadfadh a bhfoghlaim bheith mar an gcéanna/difriúil i gcómhthéacsanna difriúla a aithint.

# Áiseanna Molta Riachtanais agus Teastálacha

Áiseanna Digiteacha	
Bogearraí TFC	
Fresco or Colour Magic	MS Publisher, Paw Prints, Textease, Powerpoint or Slideshow
Interlinks	Number Magic or Numberbox 2
Just Like.... Concept!	Spider
Suímh Ghréasáin Mholta	
BBC Northern Ireland Learning <a href="http://www.bbc.co.uk/ni/learning">www.bbc.co.uk/ni/learning</a>	Save the Children <a href="http://www.savethechildren.org.uk">www.savethechildren.org.uk</a>
Cool Planet – Suíomh Oxfam do dhauine óga <a href="http://www.oxfam.org.uk/coolplanet/">www.oxfam.org.uk/coolplanet/</a>	Unicef <a href="http://www.unicef.org">www.unicef.org</a>
Fair Trade Foundation <a href="http://www.fairtrade.org.uk">www.fairtrade.org.uk</a>	Suíomh agus Físeán ar ‘Cineálacha Caitheamh Aimsire’ – Ceol (Físeán 4) <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/</a>
FIT for TOPS – Youth Sport Trust <a href="http://www.youthsporttrust.org">www.youthsporttrust.org</a>	Físeán ar ‘Cineálacha Caitheamh Aimsire’ – Ceol Traidisiúnta (Físeán 5) <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/</a>
Global Eye – Suíomh forbartha idirnáisiúnta do dhaoine óga <a href="http://www.globaleye.org.uk">www.globaleye.org.uk</a>	Físeán ar ‘Cineálacha Caitheamh Aimsire’ – Rac-Cheol (Físeán 6) <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/</a>
Global Footprints – Humanities Education Centre <a href="http://www.globalfootprints.org/teachers/index.html">www.globalfootprints.org/teachers/index.html</a>	Físeán ar ‘Nollaig Brolly’ – ceoltóir agus amhránaí ó Dhún Geimhin <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/505/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/505/gaeilge/</a>
Global Gang – Suíomh christian Aid do dhaoine óga <a href="http://www.globalgang.org.uk">www.globalgang.org.uk</a>	Físeán ar ‘Allan Mac Donald’ – píobaire clúiteach as Albain <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/379/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/379/gaeilge/</a>
Mórcheisteanna Domhanda <a href="http://www.globalissues.org/">www.globalissues.org/</a>	Físeán ar ‘Píobairí Ard Mhacha’ <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/310/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/310/gaeilge/</a>
Make Trade Fair – Oxfam International <a href="http://www.maketradefair.com">www.maketradefair.com</a>	Físeán ar ‘Ealaín na Gaeltachta <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/435/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/435/gaeilge/</a>
Iarsmalanna agus Gailearaithe Thuaisceart Éireann <a href="http://www.magni.org.uk">www.magni.org.uk</a>	Físeán ar ‘Tionscadal na Saimbia / Project Zambia’ – 6 fhíseán ar fad’ <a href="http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/637/gaeilge/">www.bbc.co.uk/irish/articles/view/637/gaeilge/</a>
Crannchur Náisiúnta <a href="http://www.national-lottery.co.uk">www.national-lottery.co.uk</a>	
NSPCC <a href="http://www.nspcc.org.uk">www.nspcc.org.uk</a>	
One World Centre Citizenship <a href="http://www.bigpic.biz">www.bigpic.biz</a>	

## Áiseanna Digiteacha ar leanúint

### Suímh Ghréasáin Mholta

Físeán ar 'Na Cluichí Speisialta Oilimpeacha'  
[http://www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/557/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/557/gaeilge/)

Físeán ar 'Sportsability' – Lá spóirt trasphobail agus trasábaltachta  
[http://www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/528/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/528/gaeilge/)

Físeán ar 'Caisléan Bagenal' – seanchaisleán a fuarthas ar na mallaibh nuair a druideadh bacús.  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/453/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/453/gaeilge/)

Suíomh a chuireann dearcadh dearfach i leith aosú agus daoine aosta chun cinn i measc daltaí bunscoile  
[www.ncaop.ie/schools/youngandold/gaeilge.htm](http://www.ncaop.ie/schools/youngandold/gaeilge.htm)

## Áiseanna Traidisiúnta

### Leabhar/Áiseanna Teagaisc

**Answers (Pack 2)** John Foster (Collins Educational:1994)  
ISBN: 0003120074

**Bullying: don't let them suffer in silence**  
Save the Children

**Lift Off** The Cross Border Human Rights Education Initiative

**Me as a Citizen** Carole Barnickle and Duncan Wilson (Hopscotch Educational Publishing:2000)  
ISBN: 1902239466

**Partners in Rights** Save the Children

#### Primary Values (CCEA)

- **Something Else** by Kathryn Cave and Chris Riddell
- **Leon and Bob** by Simon James
- **The Second Princess** by Hiawyn Oram and Tony Ross

**Quality Circle Time In The Primary Classroom**  
Jenny Mosley (LDA:1998)  
ISBN: 1855032295

**The One World Centre** Belfast has a wealth of Pacaí áise do mhúinteoirí:  
'Go Bananas' photopack  
'Working Worldwide' books (feirmeoireacht agus siopadóireacht)  
'Making A Meal Of It' photoset

**The Tinder-box: Assembly Book** Sylvia Barrett (A & C Black:1982)  
ISBN: 0-7136-2169-9.

**The UN Rights of the Child** Primary Values Resource

**Warming Up and Cooling Down** J. Harris and J. Elbourn (Human Kinetics Europe:2002)  
ISBN: 0736038787

**Is Gaisteoir í mo Mhúinteoir** (An tÁisaonad 2008)  
ISBN: 9780732748180

**An Teist** (An Gúm 2008)  
ISBN: 1857917284

**Scoil An Chnoic** (An Gúm 2007)  
ISBN: 9781857916799

**An Baile Gandath** (An tÁisaonad 2008)  
ISBN: 9780732748166

**An Saol sa Chianaimsir** (An tÁisaonad 2000)  
ISBN: 1898392579

**Le Linn na Lochlannach** (An tÁisaonad 2000)  
ISBN: 1 898392 58 7

**Seo an Eolaíocht Bia** (An tÁisaonad 2000)  
ISBN: 1903597021

**Vera agus a Veidhlín** (An Gúm 2008)  
ISBN: 9781857917185

**Strainséirí** (Cló Mhaigh Eo 2008)  
ISBN: 9781899922390

**Timpeall Ort 2** (An Gúm 2001)  
ISBN: 1857914120

**Éirí na Gréine 4** (An Comhlacht Oideachas 1998)  
ISBN: 0861675649

**An Stair Mórthimpeall Orm 3** (Edco 2003)  
ISBN: 095472335X

**Siúl Siar 2** (Prim-Ed)  
ISBN: 1864002018

**Siúl Siar 3** (Prim-Ed)  
ISBN: 1864002026

**Buntús Foclóra** (Gill & Macmillan 2000)  
ISBN: 9780717126019

**Leabhar mór an eolais** (An Gúm 2007)  
ISBN: 9781857916348



## Áiseanna Traidisiúnta ar leanúint

### Clos/Amhairc (Téacsanna Meán)

<p><b>'A Whiter Shade of Pale'</b> Procul Harem, BBC Television, <b>'The World Around Us' – History</b> Autumn 2003</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Building a picture of life in early times Teacher's notes and interactive material available on the website</li> </ul> <p><b>Girus Polka</b> Stravinsky</p> <p><b>Mother Goose Suite</b></p>	<p><b>'Orinoco Flow'</b> Enya</p> <p><b>'Petit Poucet and Prelude'</b> M Ravel</p> <p><b>'The Comedian'</b> Kabalevsky.</p> <p><b>The Streets of London</b></p> <p>4Learning Videos: <b>Eureka! 'The Inuit: People of the Ice'</b> order code: 217990 (féach suíomh gréasáin)</p>
---	---

## Eagraíochtaí

### Teagmhálacha Úsáideacha

The One World Centre  
4 An Corrán Íochtair  
Béal Feirste  
BT7 1NR  
Ordaigh acmhainní ar líne ag  
[www.belfastdec.org](http://www.belfastdec.org) nó faigh amach faoi  
mhionsonraí ballraíochta áit a bhfuil acmhainní  
le fáil le fostú trí ghlaoch ar  
028 9024 1879

### Áiteanna Cuartaíochta

Daonpháirc Uladh-Mheiriceá  
2 Mellon Road  
An Ómaigh  
BT78 5QY  
028 8225 6320

Iarsmalann Uladh  
Garraí na Lusanna  
Béal Feirste BT9 6TS  
028 9038 3030

Iarsmalann Daonchultúir agus Iompair Uladh  
Cúil Trá  
Ard Mhic Nasca  
Co. an Dúin  
028 9042 8428

*Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanna thuas na cinn a mhol na múinteoirí a raibh lámh acu i bhforbairt an SFN seo. Agus seo ag dul i gcló, bhí na suíomh ghréasáin mholta beo.*

Foilseachán de chuid CCEA © 2009



**COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG  
☎ +44 (0)28 9026 1200 📠 +44 (0)28 9026 1234 📞 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

